



# Úsáid na Gaeilge i mBaile Locha Riach

Torthaí ó Shuirbhé Sochtheangeolaíoch

MAIT Ó BRÁDAIGH

Samhain 2009

# Úsáid na Gaeilge i mBaile Locha Riach

Suirbhé Sochtheangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge i mBaile Locha Riach agus Tuairimí i leith na bhféidearthachtaí chun an Úsáid a Leathnú

Tuarascáil ullmhaithe in 2009

do *Ghaeilge Locha Riach* i gcomhar le *Comhairle Chontae na Gaillimhe* le Mait Ó Brádaigh, scoláire iarchéime ar an gCúrsa MA sa Phleanáil Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Ceann Scoile Chúrsa na Pleanála Teanga agus Comhairleoir don Staidéar seo:

An Dr Conchúr Ó Giollagáin

Baill eile de Choiste an Togra:

Páid Ó Neachtain, *Comhairle Chontae na Gaillimhe*

Pádraig Ó Baoill, *Gaeilge Locha Riach*

Ba mhaith linn ár míle buíochas a chur in iúl do:

Tamas Petervary, scoláire ar an gCúrsa MA sa Phleanáil Teanga freisin, a bhí ina cheistitheoir don suirbhé, d'Fhiona Ní Chualáin, a thug cúnaimh leis an gclár staitistiúil SPSS, do Mhuireann Ní Chuív agus d'Anna Ní Choirbín a léigh an staidéar agus do chách a ghlac páirt in aon bhealach sa Suirbhé.

Gabhaimid buíochas chomh maith le Foras na Gaeilge a chuir maoiniú ar fáil le go bhféadfaí an Tuarascáil seo a chur i gcló.



Tuilleadh Eolais:

Gaeilge Locha Riach, Seanbhóthar na Gaillimhe, Baile Locha Riach. 091-870718

Ríomhphost: draoirua@eircom.net

Páid Ó Neachtain, Oifigeach Forbartha Gaeilge, Comhairle Chontae na Gaillimhe,

Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh. 091-509325

Ríomhphost: Gaeilge@cocogaillimh.ie



## Réamhrá

In 2008 chuir *Gaeilge Locha Riach* agus *Comhairle Chontae na Gaillimhe*, mar chuid de straitéis phleanála teanga d'Oirthear Chontae na Gaillimhe, tús le togra chun na leibhéal chumais Ghaeilge i mBaile Locha Riach agus fairsinge úsáid na Gaeilge a ríomh. Theastaigh dearcadh na ndaoine i leith na teanga agus i leith iarrachtaí a d'fhéadfaí a bhunú leis an nGaeilge a chur chun cinn amach anseo chomh maith. Socraíodh go raibh sé tábhachtach an leibhéal tacaíochta a mheas ní hamháin d'fhorbairt plean cuimsitheach Gaeilge do Bhaile Locha Riach, ach d'Ionad Gaeilge agus d'fhostú áisitheoirí oilte Gaeilge freisin.


I gcomhpháirt le ball foirne agus le mac léinn iarchéime ón MA sa Phleanáil Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, an Cheathrú Rua, réitigh eagraithe an togra ceistneoir cuimsitheach le cur ar an bpobal agus socraíodh agallaimh agus cruinnithe ginearálta leosan a raibh suim acu sa cheist. Tharla sé seo ar fad i luathmhíonna an tsamhraidh 2009. Chun lámháil earráide 5% agus eatramh muiníne 95% a bhaint amach, roghnaíodh os cionn 350 duine go randamach ó Chlár na dToghthóirí i dtoghranna Bhaile Locha Riach Uirbigh agus Tuaithe chun an ceistneoir a fhreagairt. Le linn mhí na Bealtaine chuir mac léinn eile ón MA sa Phleanáil Teanga an ceistneoir i láthair na ndaoine agus bhain ráta freagartha thart ar 70% amach díobhsan arbh fhéidir teacht orthu. Thug áitritheoirí fadtéarmacha Bhaile Locha Riach tacaíocht ar leith; bhí os cionn 80% den lucht freagartha ina gcónaí i mBaile Locha Riach ar feadh ocht mbliana nó níos mó. Bhí na daoine an-chomhoibritheach agus béasach agus ba mhaith linn arís ár mbuíochas a chur in iúl do chách a ghlac páirt sa suirbhé nó a tháinig i láthair ag na cruinnithe poiblí.

Cuirtear na sonraí is suntasaí i láthair anseo. Is féidir teacht ar tháblaí agus ar ghraif eile, agus ar thuairimí i scríbhinn, ar an dlúthdhiosca atá in éineacht leis an leabhrán seo, chomh maith le cóipeanna den cheistneoir i nGaeilge agus i mBéarla. Cuireadh domhain-agallamh ar roinnt ceannairí áitiúla Gaeilge agus cuirtear a gcuid tuairimí san áireamh sna torthaí. Tionóladh dhá chruinniú phoiblí i mí an Mheithimh, ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla. Tá na nótaí ó na cruinnithe sin ar an dlúthdhiosca. Scrúdaíodh an litríocht ar an ábhar in Éirinn agus thar lear, agus cuirtear sin san áireamh sna torthaí.


Is féidir chomh maith leagan níos iomláine den tuairisc i nGaeilge a aimsiú ar an dlúthdhiosca.

### Cumas Gaeilge a labhairt: Comparáid le Daonáireamh 2006

Dúirt 32.1% den phobal sa suirbhé go raibh ‘inniúlacht áirithe’ ar a laghad acu i labhairt na Gaeilge le 8.4%, an ceathrú cuid den 32.1%, nó duine as gach dáréag san iomlán, ag tuairisciú go raibh siad féin ‘an-inniúil nó réasúnta inniúil’ i labhairt na Gaeilge. Cé gur tuairiscíodh i nDaonáireamh 2006 go raibh 38.2% de dhaonra Bhaile Locha Riach in ann Gaeilge a labhairt, nuair a choigeartaítear na figiúir sin chun páistí scoile a bhaint astu, ní fheictear aon difríocht shuntasach idir figiúir an Daonáirimh agus an taighde seo. Mar a fheictear sa Daonáireamh, tá sciar níos airde de chainteoirí Gaeilge i mBaile Locha Riach Tuath ná i mBaile Locha Riach Uirbeach.




Mar a thaispeánann Tábla A, tá cumas i dtuiscint agus i léamh na Gaeilge níos airde i mBaile Locha Riach ná cumas i scríobh agus i labhairt na Gaeilge, agus ‘inniúlacht áirithe’ ar a laghad ag 39.8% i dtuiscint na Gaeilge agus ag 41.5% i léamh na Gaeilge.






Tábla C: **Tuismitheoirí na bhFreagróirí le hInniúlacht i Labhairt na Gaeilge versus Inniúlacht na bhFreagróirí Céanna**



### Aoisghrúpaí, Teaghlach agus Fachtóirí is cúis le hinniúlacht i nGaeilge

Taispeánann Tábla B go bhfuil siadsan atá 41-50 bliain d’aois 8-12% os cionn an mheáin ó thaobh ‘inniúlacht áirithe’ a bheith acu i labhairt, i dtuiscint agus i léamh na Gaeilge. Ní hamháin gurb é seo an aoisghrúpa a bhí ar an gcéad ghlúin ar bhain a bhformhór an Ardteistiméireacht amach, d’éirigh le 75% é seo a dhéanamh. Daoine iad seo freisin a chríochnaigh a gcuid scolaíochta dara leibhéal faoin mbliain 1987. Is cosúil go léiríonn na céatadán níos ísle ina measc siúd atá faoi 40 bliain d’aois (25.6% agus 28.3% d’inniúlacht áirithe’ i labhairt na Gaeilge sna haoisghrúpaí 23-30 bliain d’aois agus 31-40 bliain d’aois faoi seach) nach bhfuil tionchar na scoile’ ar an nGaeilge ag maireachtáil chomh fada is a bhíodh sé. Treocht eile go bhfuil an chuma air go bhfuil meath ag tarlú sa chumas idirghlúineach is ea go

Tábla D: **Fachtóirí is cúis le hinniúlacht áirithe Gaeilge (4 rogha pioctha)**



dtuairiscíonn 15.9% de lucht freagartha an tsuirbhé go bhfuil, nó go raibh, a gcuid máithreacha ‘an-inniúil nó réasúnta inniúil’ sa Ghaeilge, agus go deir 15.3% amhlaidh faoina gcuid aithreacha, ach nach bhfuil ach 8.4% díobh féin chomh hinniúil sin.

Nuair a dhéantar tuilleadh scagtha ar an lucht freagartha a bhfuil ‘inniúlacht áirithe’ acu (Tábla C) feictear lagú i seachadadh na Gaeilge ó thuismitheoirí le ‘hinniúlacht áirithe’ go páistí atá faoi 40 bliain d’aois – ar daoine fásta iad féin anois – i gcomparáid le páistí atá idir 41 agus 60 bliain d’aois anois. Arís is é an aoisghrúpa idir 41 agus 50 bliain d’aois is airde a scórálann. Is cosúil ó lár na 1980idí ar aghaidh nár sheachaid tuismitheoirí ‘inniúlacht áirithe’ sa Ghaeilge an oiread agus a rinneadh roimhe sin.


### An Teaghlach

Léiríonn Tábla D na gnéithe a mheasann freagróirí a bheith ar na fachtóirí is tábhachtaí maidir le cár shealbhagh siad ‘inniúlacht áirithe’ sa teanga – tá ‘an teaghlach’ tábhachtach, agus é sa tríú háit i ndiaidh ‘scoil’ agus ‘na meáin’.

Tá scéim sa Bhreatain Bheag chun an Bhreatnais a chur chun cinn darb ainm *twf*, a chuidíonn le lánúineacha óga an teanga a úsáid sa bhaile. Is éard atá i gceist leis ná eolas leathan agus comhairle phroifisiúnta, chuimsitheach agus leanúnach a scaipeadh, agus gréasán de ghníomhaíochtaí tacaíochta clainne. D’fhéadfaí glacadh le scéim mar seo don Ghaeilge anseo. Mar sin, is é dúshlán na dteaghlach uile ná cabhrú agus cuidiú le hobair na múinteoirí sa Ghaeilge sna scoileanna. Dá ndéanfadh siad siúd a bhfuil ‘inniúlacht áirithe’ ar a laghad acu sa teanga an Ghaeilge a labhairt agus a léamh sa bhaile, ní bheadh na múinteoirí túslíne Gaeilge ag ceapadh a thuilleadh gurb orthu féin amháin atá ualach caomhnaithe na Gaeilge.

### Fíorlabhairt/Fíorchloisteáil na Gaeilge

Cúis mhaíte é b’fhéidir go léiríonn Tábla E go dtuairiscíonn 10.8% go labhraíonn siad Gaeilge gach lá, agus go méadaíonn sé sin go 31% dóibh siúd a labhraíonn Gaeilge ‘anois is arís’ ar a laghad. Tuairiscítear figiúir ghaolmhara maidir le ‘Gaeilge a chloisteáil’, le 29% á cloisteáil ó dhaoine a bhfuil aithne acu orthu anois is arís’ agus níos lú (24%) á cloisteáil ó ‘strainséirí anois is arís’. In agallaimh leis na ceannairí Gaeilge, ceapadh go raibh difríocht idir abairtí an-aitheanta Gaeilge a úsáid astu féin, agus idirghníomhú go fírinneach sa teanga nó fiú comhrá beag a choinneáil ag imeacht; braitheadh nár fhiosraigh an ceistneoir



an cineál Gaeilge a úsáidtear a dhóthain. Thuairiscigh roinnt eile nár úsáid siad Gaeilge ach le páistí beaga agus iad ag déanamh a n-oibre baile. Léiríonn sé seo ar fad go bhfuil úsáid áirithe Ghaeilge i mBaile Locha Riach ach ní go forleathan.

Maidir leis na cainteoirí is líofa, nó 8.4% den iomlán, ní thuairiscíonn ach 3% Gaeilge a chloisteáil ó dhaoine nach bhfuil aithne acu orthu ar bhonn laethúil. Is cosúil cuma na fírinne a bheith ar bharúil Mac Gréil & Rhatigan (2009: 83) anseo freisin: 'Most Irish-speaking respondents accept the convention of being reluctant to initiate conversations in Irish or ... to use it in company whose competence to speak the language is unknown to them.'

### Scoileanna agus Oideachas

Cuireann torthaí an tsuirbhé béim ar a thábhachtaí agus atá an córas oideachais tar éis a bheith i múineadh na Gaeilge. Luaitear 'Bunscoil', 'Scoil Dara Leibhéal' agus 'tionchar múinteoirí áirithe' ar fad (Táblaí D & F) mar na cúiseanna is suntasaí a bhfuil Gaeilge ag daoine. De ghnáth, is é an fachtóir comhghaolaithe is mó le 'hinniúlacht áirithe' a bheith ag duine sa Ghaeilge ná leibhéal na hArdeistiméireachta a bhaint amach san oideachas. Mar sin féin is cosúil tionchar na scoile ar leibhéal chumais i nGaeilge a bheith ag lagú. Léiríonn Harris ina dhianstaidéar (2006, 8) sleamhnú i leibhéal chumais i nGaeilge sna bunscoileanna agus moltar liosta réiteach, roinnt gur féidir le scoileanna a shocrú iad féin ach go leor nach féidir a réiteach ach ar bhonn náisiúnta. Deir Harris (2008: 188) chomh maith go bhfuil ganntanas grúpaí tacaíochta ann don Ghaeilge i ngnáthscoileanna.

I ré níos túisce pleanála teanga, fágadh cur chun cinn na teanga ar fad beagnach faoi na scoileanna. Beidh ar thréimhse nua pleanála tacaíocht an phobail a mhaoirsiú le cabhrú le gach scoil, idir thacaíocht ó eagraíochtaí Gaeilge agus tacaíocht ón mórphobal níos leithne.

Ag an dara leibhéal cé go mbainfeadh na pointí thuasluaite ar fad le hábhar, ceapadh go raibh sé tábhachtach tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht sa samhradh (Tábla M), agus go leathnófaí agus go bhforbrófaí scéim na scoláireachtaí. Is gá a luadh leis go bhfuil an Ghaeilge faoi bhagairt mar chroí-ábhar san Ardeistiméireacht (Ó Riagáin, 2008: 63).



Faoin am seo tá Gaelscoil Bhaile Locha Riach bunaithe go maith agus í comhtháite sa phobal áitiúil, agus ina cúlta d'imeachtaí *Ghaeilge Locha Riach*. Creidtear gur fachtóir dearfach é cúlra an-mheasctha phobal na Gaelscoile. Maidir le diminsean dara leibhéal a bheith ag an ngaelscolaíocht, ní thacaítear chomh mór sin leis, b'fhéidir, mar gur bunáodh scoil fheiliúnach i mBaile Átha an Rí in 2006, atá cóngarach do Bhaile Locha Riach agus a fhreastalaíonn ar an gceantar.

Maidir le ceist na líofachta agus na scoileanna tumoideachais, deir Vila i Moreno, ar Catalóineach é, go bhfuil gá 'to reconsider the competence issue even in immersion schools' (Ó Riagáin et al, 2007:48). Luann Jones (1998: 348) chomh maith: 'immersion education does not hold all the answers. Without reinforcement at the level of community the (spoken) variety will remain non-native-like.' Is ceist leanúnach don Ghaelscoil é comhtháthú na bhfoghlaimeoirí leis an bpobal ginearálta atá líofa i labhairt na Gaeilge.

### Sealbhú agus Úsáid na Gaeilge ar an Iomlán

Ní hamháin nach féidir le haon ghaelscoil, ná le haon scoil, na freagraí ar fad a bheith aice ach is gá gníomhaíochtaí níos leithne tumoideachais a eagrú, go háirithe don óige. Feiceann Bord na Breatnaise (2006 luaite in Ó Riagáin et al, 2007: 49) agus Ó Curnáin (2009) an gá le 'tearmainn teanga' lasmuigh den scoil, ina mbeadh 'Gaeilge amháin', áiteanna inar féidir le daoine óga gníomhaíochtaí sábháilte struchtúrtha a bheith acu chun a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus a úsáid, gan brú síoraí orthu Béarla a labhairt. Teastóidh foireann oilte chun go dtiocfaidh na 'tearmainn teanga' seo ar an saol agus go mbunóidh siad iad féin mar institiúidí fadtéarmacha. Maidir leis seo tá Baile Locha Riach chun tosaigh

sa mhéid agus go bhfuil imeachtaí óige ann cheana féin d'iarscoláirí na Gaelscoile agus go dtéann líon suntasach déagóirí ar chúrsaí tumoideachais samhraidh sa Ghaeltacht. Liostálann torthaí an tsuirbhé réimse leathan na gcaitheamh aimsire atá coitianta sa cheantar i measc na n-óg agus na ndaoine fásta i dTáblaí L agus N. Ba cheart go dtreoródh siad seo aon phleanáil amach anseo.




### Tuairimí i leith na Gaeilge

Cé go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann don Ghaeilge, agus breis agus 80% i bhfabhar na teanga, tugtar roinnt athruithe faoi deara sa tuairimíocht maidir leis na cúiseanna a bhfuiltear ina fabhar i gcomparáid le suirbhéanna náisiúnta roimhe seo.\* Léiríonn Tábla H go bhfuil tacaíocht ard ann i gcónaí do ráitis a d'hearbhaíonn gur chuid dár n-oidhreacht/dár bhféiniúlacht í an Ghaeilge. Ar an lámh eile, is ráiteas é

\* Luaitear Suirbhéanna Náisiúnta nó Gaeltachta ó 1973, 1983, 1989, 1993, 2000, 2005, 2007-8 sa leabharliosta.



Tábla H: **Cúiseanna go bhfuil tú i bhfabhar na Gaeilge**



‘Chun cultúr na hÉireann a thuiscint i gceart ní mór eolas a bheith ag duine ar Ghaeilge’ a mbaineann níos mó tiomantais leis go bhfoghlaimeodh gach duine an teanga. Bhain an ráiteas seo tacaíocht de 45-50% amach roimhe seo, ach tá sé tite go 30.8% anseo. Tá tacaíocht do ‘Tá foghlaim na Gaeilge ar scoil tábhachtach’ suntasach i gcónaí ag 62%.

Is cosúil tacaíocht éiceolaíoch a bheith ag an nGaeilge trí thaispeántas láidir den chéad uair a bheith ag ‘éagsúlacht theangeolaíoch’ i suirbhé. Tá ‘faiséan-tachas’ na Gaeilge le sonrú agus 32.5% á luadh, ach b’fhéidir gur cheart foláireamh a chur leis seo mar is gnách saolré gearr a bheith ag faisín. I 1993 luaigh 37% gur thacaigh siad leis an nGaeilge mar ‘go ndearna sí muid níos neamhspleáiche’ agus anseo tá sé laghdaithe go 24.1%.

Is gá suntas a thabhairt do chúpla pointe eile maidir le tuairimíocht faoin nGaeilge. I suirbhé Mhic Gréil & Rhatigan (2009: 107) luaitear an meas leanúnach atá ag daoine ar chainteoirí Gaeilge ach dúradh in agallamh sa suirbhé seo go sealbhaíonn páistí, fiú na páistí is sine gaelscoile, dearcadh ó dhaoine fásta ‘go mb’fhéidir nár cheart an iomarca Gaeilge a labhairt’.

Ar an iomlán, léiríonn an suirbhé an gá go ndéanfaí tuilleadh taighde agus anailíse ar ár mbarúlacha i leith na Gaeilge le go mbeidh an t-eolas ag an bpróiseas pleanála teanga.

### Na Meáin agus Gnó

Deir torthaí an tsuirbhé linn go bhfuil ról mór ag na meáin i gcur chun cinn na Gaeilge. Tá an-tóir ar TG4; ní hiad na cláir spóirt a mheallann lucht



féachana amháin, meallann na sobaldrámaí, teilifís na bpáistí agus na cláir faisnéise go háirithe lucht féachana chomh maith (Tábla J). Feictear ganntanas clár dírithe go speisialta ar an bhfoghlaimeoir (Tábla K) agus gach seans gur cheart do phleanálaithe teanga aird institiúidí ar nós TG4 a tharraingt ina threo seo.

Tá líon na ndaoine a léann Gaeilge ag 12.9% i bhfad faoin 40% nó mar sin a bhfuil ‘inniúlacht áirithe’ acu i léamh na teanga agus léiríonn seo deis a d’fhéadfaí a thapú, tríd an idirlíon léamh-bhunaithe b’fhéidir. Ní éiríonn go maith ach oiread le raidió trí Ghaeilge le beagán faoi 24% ag éisteacht leis riamh. Tá tacaíocht os cionn 60% sa suirbhé ag na gníomhaíochtaí féideartha teanga ar an idirlíon (Tábla K).

Meastar tacaíocht gnó don Ghaeilge a bheith tábhachtach leis (Tábla K) le 61-69% ag rá go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh gníomhaíochtaí ann sa réimse seo.

Tábla J: **Cad ar a bhreathnaíonn tú ar TV trí Ghaeilge?**

Spórt	Cláracha Faisnéise	Ros na Rún	Nuacht	Cláracha do pháistí	Eile
35.3%	29.3%	28.7%	19.2%	15.6%	5.4%



## Pleanáil

Luaigh Ó Coimín, agus é ag scríobh sa mhórcháipéis deiridh náisiúnta ar pholasaí don Ghaeilge ar son *an Choiste Chomhairligh Pleanála* i 1988 (CCP: xiv), go raibh 'ad-hoc-achas' forleathan maidir leis an nGaeilge. Leanadh de seo ó shin sa mhéid is gur de bharr iarrachtaí aonaracha agus fánacha daoine aonair agus grúpaí gur tosaíodh gníomhaíochtaí i mBaile Locha Riach le blianta beaga anuas seachas de bharr aon pholasaí náisiúnta.

Le foilsiú Ráiteas an Rialtais ar an nGaeilge go déanach in 2006 agus le foilsiú an phlean 20 bliain *Plean 2028* ar tí tarlú, tá seans ann faoi dheireadh go gcuirfear bonn stuama faoi thacaíocht náisiúnta don phleanáil teanga. De bharr seo agus an tacaíocht láidir áitiúil don Ghaeilge, agus go leor pointí dearfacha eile a liostáiltear anseo, go bhfuil Baile Locha Riach i ndea-riocht, agus chomh maith le pobal eile ar bith, agus réidh chun tógáil ar an obair a rinneadh le blianta beaga anuas.

Tá an oiread éilimh ar sheirbhísí aon fhostaí amháin lán-aimseartha *Ghaeilge Locha Riach*, a bhfuil ag éirí thar cionn leis, nach bhféadfadh sé tabhairt faoin bpleanáil, faoin bhfostú agus faoin tacaíocht phroifisiúnta bhuan a bheas de dhíth.



Bheadh sé ina sprioc réalaíoch do Bhaile Locha Riach athfhoghlaim agus foghlaim fhorleathan éifeachtach na Gaeilge a bhaint amach le fíorúsáid neamhfhoirmeálta na teanga leathnaithe go mór. Is éard atá i gceist leis seo ná próiseas pleanála agus acmhainní taobh thiar de. Luaigh Mac Giolla Chríost (2008: 93) '[that] the need for strategic investment in micro-level language planning is pressing'. Thagair sé freisin do scéim pleanála Breatnaise ag an micrealeibhéal darb ainm *Mentrau Iaith*\* a d'fhéadfaí a chur ar bun anseo.

\**Mentrau Iaith*: Sin grúpaí pleanála teanga Breatnaise ag an micrealeibhéal atá lonnaithe i mbaile agus i sráidbhailte.

Is éard atá i gceist ná go socródh gach uile phobal a phlean féin, agus gach aon chuid den phobal rannpháirteach sa phróiseas, go mbeadh siad ina sheilbh ar bhonn leanúnach agus gur próiseas a bheadh sa phlean seachas cáipéis aonuaire. Cheap Fishman (1996: 193) go dtarlóidh seo nuair atá ‘consensual advantages’ ann do chách, go mbaineann an pobal ar fad leas as, gur áit níos fearr é an baile mór, ina iomlán, i ngeall ar an iarracht ar fad atá curtha isteach.


Maidir le Foirgneamh Gaeilge, luaigh siad sin a d’fhreastail ar cheann de na cruinnithe féidearthacht agus fiúntas sheanfhoirgneamh a athchóiriú mar ionad Gaeilge. Ar an lámh eile, luaigh agalláí amháin go mb’fhéidir go mb’fáil na hacmhainní daonna a bheadh ag eagrais Gaeilge dá nglacfaí cúram reachtála dá leithéid d’fhoirgneamh orthu.

Tá dlúthbhaint ag an bpróiseas pleanála teanga, ag cúrsaí foirne agus ag tacaíochtaí oiriúnacha,




foirgneamh san áireamh, le chéile. Bhí an-tacaíocht go deo acu seo sa suirbhé – dúirt 77-80% (Tábla Q) go raibh siad seo ‘tábhachtach’ ar a laghad, agus dúirt 36-40% go raibh siad ‘fíor-thábhachtach go deo’ nó ‘an-tábhachtach’.


Tábla P: ‘Táim ar son Gníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga Labhartha’



Tábla Q: Tábhacht le Ionad Áitiúil, Plean Gaeilge srl



Tábla R: Tábhacht a bhaineann le tionscnaimh do Theaghligh agus Daoine Fásta



## Moltaí

- Go raibh Pleanáil Teanga na Gaeilge iomlánaíoch ag leibhéal an phobail, leis an oiread rannpháirtíochta agus úinéireachta den phróiseas agus is féidir ag ní hamháin daoine aonarachacha ach ag eagrais stáit, phríobháideacha, ghnó nó dheonacha freisin.
- Go dtomhaisfí i gcónaí an chaoi a n-éiríonn go príomha le gníomhaíochtaí trí mheas a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann siad fíorshealbhú agus úsáid na Gaeilge chun cinn.
- Go n-athróidh an cheannasaíocht áitiúil Ghaeilge treo beagán trí ról tánaisteach a thabhairt d'fheachtais chun diminsean Gaeilge a chur i ngach imeacht pobail. Tá an diminsean Gaeilge tábhachtach ach ba cheart go mbeadh an critéir 'cé mhéid Gaeilge atá á fíorshealbhú/á fíorúsáid' chun tosaigh nuair atá acmhainní atá gann á ndáileadh amach.
- Go dtacófaí le múinteoirí Gaeilge i ngnáthscoileanna, agus leis na comhpháirtithe áitiúla oideachais an oiread agus is féidir, agus go gcuirfí i bhfeidhm moltaí Harris et al (2006).
- Go rachadh na hEagrais áitiúla Gaeilge agus an pobal áitiúil i ngleic go polaitiúil leis na háisíneachtaí cuí réigiúnacha agus náisiúnta le go mbainfí as an tslí aon bhaic atá ar shealbhú na Gaeilge i ngach scoil agus, chomh maith leis sin, le cur le stádas na teanga.
- Go dtógfaí céimeanna coincreiteacha ar leith sna Coláistí Oiliúna Bunmhúinteoireachta, ar nós go gcaithfeadh na hábhar oidí tréimhsí tumoideachais sé nó dá mhí déag i dtimpeallachtaí éagsúla lán-Ghaeilge i ngrúpaí beaga, laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di, le cinntiú go mbeidh muinín ag gach múinteoir Gaeilge ina c(h)umas féin sa teanga.
- Go ndéanfaí cúram de chainteoirí óga trí 'thearmainn teanga' a chruthú le go sealbhódh siad Gaeilge i dtimpeallacht shábháilte theangeolaíoch agus go n-úsáidfí siad an teanga go fadtéarmach, agus go leanfadh siad ag sealbhú scileanna neamhfhoirmeálta idirphearsanta sa teanga a ligfeadh dóibh comhrá a dhéanamh le cainteoir Gaeilge ar bith.
- Go raibh seans ag gach aon duine óg atá i mbun staidéir ar an nGaeilge ar scoil páirt a ghlacadh i gcláir thumoideachais i nGaeilge *lasmuigh den scoil* trí thearmainn teanga nó eile.
- Go leanfaí ag infheistiú ama agus acmhainní go háitiúil i dtaighde. Ag éirí as an taighde seo, go dtabharfadh na háisíneachtaí Gaeilge ar fud na tíre aird ar na torthaí agus go ndéanfaí cinnte de nach ndéantar faillí i dtaighde shochtheangeolaíoch, mar a bhfuil na Breatnaigh mar shampla tar éis cuid mhaith a infheistiú ann.
- Go leanfaí go forleathan d'úsáid na nuatheicneolaíochtaí i ngach gné de shealbhú agus d'úsáid na Gaeilge.
- Go leanfadh earnáil na gaelscolaíochta de bheith feasach ar an ngá go gcomhtháthófaí a cuid foghlaimeoirí leis an bpobal nádúrtha labhartha Gaeilge.
- Go n-oilfí pleanálaithe teanga Gaeilge agus oibríthe sealbhaithe teanga go háitiúil agus go náisiúnta le go mbeadh foireann ghairmiúil ann le tabhairt faoin obair thuasluaite.
- Go gcuirfí cúrsa náisiúnta ar bun chun áisitheoirí proifisiúnta d'imeachtaí iarscoile Gaeilge don óige agus d'imeachtaí do dhaoine fásta a oiliúint le go mbeidh oibríthe oilte ar fáil do bhailte móra ar nós Bhaile Locha Riach.
- Go bhforbrófaí scéim cosúil le *Twf* na Breatnaise chun úsáid na Gaeilge i dteaghlaigh a leathnú, agus chun tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh réamhscoile.
- Go n-úsáidfí áisíneachtaí sláinte, oideachais agus eile Stáit, agus eagrais spóirt (CLG, etc.), an oiread Gaeilge agus is féidir, go háirithe nuair atáthar ag plé le daltaí na gaelscolaíochta.
- Go bhfuil sé thar a bheith riachtanach go gcoinneofaí oifig *Ghaeilge Locha Riach* agus go dtabharfaí seasmhacht airgeadais cúig go deich mbliana agus tuilleadh acmhainní dó.
- Go dtosófaí ar an bPróiseas Pleanála Teanga Gaeilge do Bhaile Locha Riach in 2010 agus, ó tharla go bhfuil an baile mór i ndea-riocht chun tosú ar a leithéid de phróiseas, go gcuirfí san áireamh é mar threoirchás féideartha d'fhorbairt na pleanála teanga Gaeilge forásaigh chomh luath is a fhoilsítear *Plean 2028*.



#### Suirbhéanna ar Chumas sa Ghaeilge agus ar Úsáid na Gaeilge 1973-2008

- Committee on Irish Language Attitudes Research (CILAR) (1975). *Report*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Mac Gréil, M. & N. Winston (1990). *The State and Status of Irish*. Má Nuad: Roinn na Staidéar Sóisialta, Coláiste Phádraig.
- Mac Gréil, M. & F. Rhatigan (2009). *The Irish Language and the Irish People*. National University of Ireland Maynooth: Survey and Research Unit, Department of Sociology.
- Ó Giollagáin, C., S. Mac Donnacha, F. Ní Chualáin, A. Ní Shéaghdha & M. O'Brien (2007). *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (SCT): Tuarascáil Chríochnaitheach (Dlúthbhiosca)*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Riagáin, P. & M. Ó Glisáin (1984). *The Irish Language in the Republic of Ireland 1983: preliminary report of a national survey*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Riagáin, P. & M. Ó Glisáin (1994). *National Survey on Languages 1993: Preliminary Report*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Riagáin, P., G. Williams & F. Xavier Vila i Moreno (2007). *Young People and Minority Languages: Language use outside the classroom*. Trinity College, Dublin: Centre for Language and Communication Studies.
- Ó Riagáin, P. (2007). 'Relationships between Attitudes to Irish, Social Class, Religion and National Identity in the Republic of Ireland and Northern Ireland', *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10, 4: 369-393.

#### Saothair Chlóite eile

- Fishman, J. (1996). 'Maintaining Languages: What Works and What Doesn't', in Cantoni, G. (eag.) *Stabilizing Indigenous Languages*. Northern Arizona University: Centre for Excellence in Education Monograph Series, *Perspectives*, 186-198.
- Harris, J. (2008). 'Irish in the Education System', in Nic Pháidín, C. & S. Ó Cearnaigh, (eag.), *A New View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Cois Life. 178-190.
- Jones, M. C. (1998). *Language Obsolence and Revitalization*. Oxford: Clarendon Press.
- Mac Giolla Chríost, D. (2008). 'Micro-level Language Planning in Ireland', in Liddicoat, A.J. & R.B. Baldauf Jr, (eag.), *Language Planning in Local Contexts*. Multilingual Matters: Bristol. 75-94.
- Ó Coimín, P. (1988). 'Preface/Brollach', in Coiste Comhairleach Pleanála (1988) *Irish in a Changing Society: Shaping the Future*. Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge, x-xv.
- Ó Curnáin, B. (2009). 'Mionteangú na Gaeilge', in Ó Catháin, B. (eag.), *Léachtaí Cholm Cille XXXIX: Sochtheangeolaíocht na Gaeilge*. Má Nuad: An Sagart. 90-153.
- Rialtas na hÉireann (2006). *Ráiteas i leith na Gaeilge*.

#### Foinsí Leictreonacha

- Bord na Breatnaise / Bwrdd Yr Iaith Gymraeg -- [www.byig-wlb.org.uk](http://www.byig-wlb.org.uk).
- Harris, J., P. Forde, P. Archer, S. Nic Fhearailé, & M. O'Gorman (2006). *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*. Baile Átha Cliath: Roinn Oideachais agus Eolaíochta. [www.education.ie/servlet/blobServlet/des\\_ips\\_ir\\_intro.html?language=GA](http://www.education.ie/servlet/blobServlet/des_ips_ir_intro.html?language=GA)
- Plean 20 Bliain – [www.plean2028.ie](http://www.plean2028.ie)
- An Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) – [www.cso.ie](http://www.cso.ie)